

SuperValu Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol



SuperValu Bailte Slachtmhara Foirm Iarratais 2019

Áirítear i do phacáiste:

1. Teachtaireacht fáilte ón Aire Michael Ring agus ó Martin Kelleher Stiúrthóir Bainistíochta, SuperValu
2. Foirm Iarratais le Gradaim Speisialta Eolas agus Seicliosta
3. Téarmaí agus Coinníollacha

All things considered, it's
SuperValu

Arna cur ar fáil ag
an Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



An tslí le d'Fhoirm Iarratais do Chomórtas Bailte Slachtmhara SuperValu a chomhlánú

Nótaí iad seo a leanas chun cuidiú le Coistí Bailte Slachtmhara Foirm Iarratais 2019 a chomhlánú.

1. An Tréimhse Moltóireachta

Scrúdóidh an moltóir tionscadail nua nó tionscadail cothabhála a bheidh tugtha chun críche idir an 1ú Meitheamh 2018 agus 31ú Bealtaine 2019. Tosóidh an mholtóireacht i mí Meithimh agus beidh sí tugtha chun críche faoi lár mhí Lúnasa.

2. Soiléireacht Eolais

D'fhéadfadh gurb é seo an chéad chuairt ag an moltóir ar do bhaile nó do shráidbhaile. Cinntigh le do thoil go bhfuil an t-eolas ar d'fhoirm Iarratais an-soiléir, go háirithe an léarscáil. Bíodh aird faoi leith agat ar na teorainneacha moltóireachta Bailte Slachtmhara agus na séadchomharthaí ar nós an Séipéal nó Scoil a thaispeáint.

3. Tionscadail a Aithint:

Cuir uimhir ar d'Fhoirm Iarratais le gach tionscadal nua nó cothabhála nó tionscadal amach anseo don bhliain 2019 faoin gcatagóir cheart. Ba chóir na huimhreacha sin a bheith le feiceáil ar an eochair eolais atá ag dul leis an léarscáil nuair is cuí. Mura bhfuil aon obair nua faoi aon chatagóir moltóireachta ná fág an catagóir sin folamh ach abair 'gan aon obair nua i mbliana'. Má fhágtar aon chatagóir moltóireachta folamh d'fhéadfaí go mbeadh tionchar aige sin ar na marcanna faoin gcatagóir An Pobal - Pleanáil agus Rannpháirtíocht

4. Méid an Iarratais:

Bronntar marcanna ar chaighdeán na foirme Iarratais. Ní mór don fhoirm a bheith gonta agus tagairt a dhéanamh go soiléir uirthi do gach obair ar tugadh faoi ó Mheitheamh 2018. Maidir le tionscadail nua nó cothabhála, tá sé tábhachtach go dtabharfaí mionsonraí maidir lena suíomh agus chun iad a aithint. Chuige sin, cinntigh le do thoil;

- go bhfuil suíomh gach tionscadal ar leith marcáilte ar an léarscáil nuair is cuí. Ní gá go mbainfeadh sé seo le nithe áirithe - obair suirbhé mar shampla.
- Tabhair cuntas gearr ar an tionscadal agus tabhair mionsonraí oiriúnacha.
- Tabhair le fios cén uair a thosaigh an obair agus cén uair a chríochnaigh sí, nó i gcás tionscadail leanúnacha nó fadtéarmacha an dáta a mheasfar a thabharfar chun críche iad.

5. Do Léarscáil

Tá sé riachtanach go mbeadh léarscáil mhaith den bhaile nó den tsráidbhaile le d'íarratas. Tá glacadh gan amhras le léarscáil ó lámh mura bhfuil teacht ar léarscáil fhoirmeálta priontáilte nó mura bhfuil a leithéid oiriúnach. Ba chóir don léarscáil a bheith inlámhsithe agus de mhéid A4 nó A3 ag brath ar leagan amach do bhaile nó do shráidbhaile. Bíodh gach sráid agus bóthar ar an léarscáil ainmnithe de réir mar is gá agus bíodh foirgnimh phoiblí agus séadchomharthaí marcáilte. Níl sé molta léarscáil Google a úsáid mar nach mbíonn sé soiléir/cruinn go minic. D'fhéadfadh gur mó úsáide a bheadh in Léarscáil 'Áite' Uirbeach (nó Tuaithe mar is infheidhme) de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann. Tá eochair eolais shoiléir ina cuid thábhachtach den léarscáil agus moltar duit eochair eolais a bheith ar bhileog na léarscáile féin. Nuair a bheidh uimhreacha á gcur ar thionscadail, ba chóir duit uimhir a 1 a thabhairt ar do chéad tionscadal faoi Sráid-Dreach & Áiteanna Poiblí, agus ba chóir an tsraith uimhriúil sin a chur i bhfeidhm sna catagóirí ina dhiaidh sin. **Níor cheart na huimhreacha céanna a úsáid arís** Mura mbeidh

léarscáil leordhóthanach ar fáil d'fhéadfaí go gcaillfí marcanna faoin gcatagóir An Pobal - Pleanáil agus Rannpháirtíocht

6. Eolas Tacaíochta

Ní mór d'eolas tacaíochta a bheith chomh cruinn agus is féidir agus níor cheart go mbainfeadh sé ach le hiontráil na bliana seo. Ba chóir tagairt shoiléir a dhéanamh don chatagóir oiriúnach sa bhfoirm iontrála i gcás gach eolas breise. **Ná bain leas as ceanglán fáinneach** mar go bhféadfadh siad titim as a chéile. Tá fillteáin comhaid 'Poly-pocket' inghlactha. **Ná déan lannú ar dhoiciméid bhreise** mar nach bhféadann an moltóir nótaí a scríobh ar na leathanaigh sin. Ní gá go mbeadh moltóirí in ann tagairt a dhéanamh i gcónaí do láithreáin gréasáin nó láithreáin meán cumarsáide chun teacht ar a thuilleadh eolais. **Moltar gan doiciméad scaoilte nó grianghraif scaoilte a chur le d'íarratas** ach má chuireann, marcáil go soiléir iad le hainm an bhaile nó an tsráidbhaile agus an dáta ar glacadh an grianghraif.

7. Grianghraif

Is féidir gur an-chúnamh iad grianghraif don mholtóir. Is cuidiú mór iad grianghraif a thógfaí roimh an obair agus i ndiaidh na hoibre. Ní mhoiltar ach dhá grianghraif de gach tionscadal nua a áireamh. **Má tá tú chun grianghraif a áireamh moltar leagan Word den fhoirm Iarratais a úsáid agus na grianghraif a chur isteach go leictreonach faoin gcatagóir cuí.**

8. D'Fhoirm Iarratais a chur ar Aghaidh

Is féidir d'fhoirm Iarratais Bailte Slachtmhara a chur ar aghaidh tríd an Fhoirm Iarratais leis an leabhrán seo a chomhlánú nó an fhoirm leictreonach Word atá ar fáil ar www.TidyTown.ie. **Ná húsáid ach leagan amháin.** Má tá tú chun ábhar eile a chur ar aghaidh in éineacht leis an bhfoirm Iarratais seo postáil an t-iontráil iomlán in aon chlúdach litreach amháin. Níl sé molta CDanna/DVDanna a áireamh. In aon ríomhphost aonair amháin ar cheart iontrálacha ar ríomhphost a bheith agus níor chóir dóibh dul thar 20MB.

9. Gradaim Speisialta

Tá mionsonraí ar Ghradaim Speisialta agus conas iarratas a dhéanamh orthu le fáil ar an gcéad leathanach eile den leabhrán seo. Ná cuir Foirmeacha Iarratais ar Ghradaim Speisialta isteach le d'Fhoirm Iarratais Bailte Slachtmhara mar gur comórtais ar leithligh iad agus gurb iad urraitheoirí na nGradam Speisialta a dhéanann moltóireacht orthu. Is féidir, ar ndóigh, iad a phostáil sa chlúdach céanna. Má rinne tú iarratas ar cheann amháin nó níos mó de na Gradaim Speisialta a bhaineann le catagóir Bailte Slachtmhara ba chóir sin a chlárú mar thionscadal ar d'Fhoirm Iarratais Bailte Slachtmhara.

10. An Dáta Deiridh a nGlacfar le hiarratais

Tá sé tábhachtach go gcuirfí ar aghaidh na Foirmeacha Iarratais comhlánaithe in am chun Aonad na mBailte Slachtmhara a bhaint amach roimh an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais, an 17 Bealtaine, 2019. Ní ghlacfar le hiontrálacha déanacha ná le hábhar a sheoltar i ndiaidh an dáta sin a luaite a bheidh an mholtóireacht tosaithe. **Tá cóip de na Téarmaí & Coinníollacha le fáil i do Phacáiste Bailte Slachtmhara.** Ní mór Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe a chur ar ais chuig: tidytowns@drdc.gov.ie

Ní mór Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe sa phost a chur ar ais chuig: Aonad na mBailte Slachtmhara, An Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe, Oifigí an Rialtais, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 E8N6.

Gradaim Speisialta

Ná déan dearmad d'fhoirm iontrála a íoslódáil ó www.TidyTownns.ie chun iarratas a dhéanamh ar ár nGradam Speisialta Urraithe nó í a íoslódáil ó láithreán gréasáin an urraitheora.

Eagraítear na Gradaim Speisialta urraithe ag an am céanna leis an bpríomhchomórtas agus féachann le haitheantas a thabhairt do thionscnaimh atá dírithe ar an bpobal a fheabhsú. Is féidir le gach coiste Bailte Slachtmhara iarratas a dhéanamh chomh maith le daoine aonair nó grúpaí. Ghradaim Speisialta agus conas iarratas a dhéanamh orthu le fáil sa leabhrán seo.

Is ar bhonn deonach amháin a dhéantar iarratas ar na Gradaim Speisialta agus ní bheidh aon tionchar aige ar an bpríomhchomórtas mura gcuirtear isteach orthu.

Seol bhur bhfoirmeacha iarratais comhlánaithe ar fad, le iarratas ar na Gradaim Speisialta marcáilte go soiléir air chuig: Aonad na mBailte Slachtmhara, An Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe, Oifigí an Rialtais, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 E8N6.

Tá ríméad orainn roinnt urraitheoirí nua faoinár gcatagóir Gradaim Speisialta do 2019 a fhógairt. Féach ar www.tidytownns.ie chun an t-eolas is déanaí a fháil ar na gradaim speisialta. Má bhíonn aon deacrachtaí agat teacht ar fhoirmeacha iarratais d'aon cheann de na gradaim speisialta, déan teagmháil le hAonad na mBailte Slachtmhara agus cuirfimid na foirmeacha cuí chugat ar an bpost lena gcomhlánú. Go n-éirí libh ar fad.

An Dáta Deiridh a nGlacfar le hIarratais: Mar a chéile le Comórtas na mBailte Slachtmhara, an 17 Bealtaine 2019

NUA I MBLIANA

Gradam na bPobal Uilechuimsitheach SuperValu agus AslAm

Duaischiste €2,000

Urraithe ag SuperValu agus AslAm

Is gradam speisialta é seo chun aitheantas a thabhairt d'eiseamláir ina ndéanann coistí Bailte Slachtmhara uilechuimsiú ar dhaoine sa phobal a bhfuil uathachas orthu.

Tugtar aitheantas leis an ngradam seo don obair a dhéanann coistí chun daoine sa phobal a bhfuil uathachas orthu a chuimsiú. Bíonn SuperValu agus AslAm de shíor ag féachaint le pobail a dhéanamh níos uilechuimsithí agus tabharfaidh an gradam seo aitheantas don obair mhór a dhéanann coistí atá freisin ag iarraidh a bheith uilechuimsitheach.

Ní mór do choistí a léiriú san iontráil mar a chuir siad uilechuimsitheacht chun cinn i leith daoine sa phobal a bhfuil uathachas orthu.

Bronnfar duais €2,000 ar an gcoiste Bailte Slachtmhara a léireoidh go bhfuil daoine a bhfuil uathachas orthu á gcuimsiú trí thionscadail agus tionscnaimh atá fabhrach do dhaoine a bhfuil uathachas orthu

Tá eolas agus acmhainní maidir cleachtais atá báil i leith daoine a bhfuil uathachas orthu le fáil ar SuperValu.ie, AslAm.ie, agus ILoveClonakilty.ie.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach www.tidytownns.ie, www.AslAm.ie agus www.supervalu.ie

NUA I MBLIANA

Gradam Ná Fág Aon Ní i do Dhiaidh

Duaischiste: Traenáil de luach €1,000

Urraithe ag Leave No Trace Ireland

Tuigeanann Leave No Trace Ireland go bhfuil grúpaí pobail ar fud na hÉireann ag cur obair mhór isteach chun éiteas “Ná Fág Aon Ní i do Dhiaidh” a chur chun cinn sa phobal chomh maith le freagracht nuair a bhítear i mbun caitheamh aimsire lasmuigh. Tá an eagraíocht neamhbhrabúis timpeallachta le haitheantas a thabhairt don obair seo tríd an nGradam “Ná Fág Aon Ní i do Dhiaidh a Sheoladh”.

Tá an gradam oscailte d'aon ghrúpa pobail a léiríonn meas ar an timpeallacht taobh amuigh agus a ghlac gníomh chun freagracht i mbun caitheamh aimsire taobh amuigh a chur chun cinn. Ba mhaith linn dá gcuirfeadh pobail ar an eolas muid faoi thionscnaimh ar thug siad fúthu idir Meitheamh 2018 agus Bealtaine 2019 (áirítear ar shamplaí: feachtais oideachais i bpobail bunaithe ar gan aon ní a fhágáil i do dhiaidh, úinéirí madraí a bheith freagrach, úsáid cupáin aonuaire a laghdú, freagracht i mbun rothaíochta, siúlóireachta nó feachtais uisce).

An Duais: Traenáil oideachais de luach €1000 do ghrúpa pobail amháin in Éirinn. (1 Cheardlann Feasachta do Choiste Bailte Slachtmhara agus 1 áit ar Chúrsa Traenála 2 lá de chuid Leave No Trace Ireland) agus comhartha a dhearf ar go speisialta don ghrúpa pobail le cur suas sa pháirc/áis áitiúil ar a mbeidh prionsabail Leave No Trace Ireland.

Chun tuilleadh sonraí a fháil féach www.tidytownns.ie agus www.leavenotraceireland.org/news

NUA I MBLIANA

Gradam Speisialta an RIAI - Cóiriú Cuí na bhFuinneog

Duaischiste €1,500

Urraithe ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

Is gradam speisialta nua é seo atá urraithe ag an RIAI chun cóiriú cuí na bhfuinneog i mbailte agus i sráidbhailte na hÉireann a chur chun cinn. Tá ailtireacht ó thréimhsí éagsúla le feiceáil ar shráideanna bhailte agus shráidbhailte na hÉireann, idir fhoirgnimh stairiúla agus fhoirgnimh nua-aoiseacha. Ag brath ar an gcomhthéacs áitiúil, tá caomhnú ar chóiriú na bhfuinneog le himeacht ama, agus dea-dhearadh chóiriú na bhfuinneog nua-aoiseach araon bailí don ghradam seo, agus is dóigh go mbeadh an dá chur chuige sin de dhíth in aon timpeallacht uirbeach. Bronnfar duaischiste €1,500 ar an mbaile (an chéad 3 chatagóir agus sin amháin) a bhfuil cóiriú na bhfuinneog is cuí aige i gcomhthéacs sráide uirbí. Beidh grianghraf de na foirgnimh, ina mbeidh na foirgnimh ar fad ar an tsráid atá roghnaithe le feiceáil ann, mar chuid den iarratas. Is féidir leis an gcoiste bronnta an gradam a roinnt idir níos mó ná baile amháin de réir mar is cuí.

Chun tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.riai.ie nó www.tidytownns.ie



NUA I MBLIANA

An Gradam Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cáilíochta Aeir

Duaischiste: €6,000

Urraithe ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Is é an sprioc fhoriomlán atá ag an 'nGradam Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cáilíochta Aeir' atá urraithe ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ná aitheantas a thabhairt don mhéid ollmhór is féidir le pobail áitiúla a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus ar cháilíocht an aeir. Is é is cuspóir leis an ngradam seo ná feasacht a ardú agus athrú ar iompraíocht a chur chun cinn.

Bronnfar ceithre dhuais. Dhá dhuais ar fú €2,250 an ceann iad, duais €1,000 don té a thiocfaidh sa dara háit agus tá duais bhreise €500 ann chun aitheantas a thabhairt don phríomhról atá ag an aos óg.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar ár láithreán gréasáin www.dccae.gov.ie/tidytowns nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Orla nó le Emmet ag climateawards@dccae.gov.ie nó ag www.tidytowns.ie

Gradam do Chosc ar Dhramhaíl - An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Duaischiste €2,000

Urraithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Gradam é gradam Cosc ar Dhramhaíl an EPA chun aitheantas a thabhairt do phobail a thug faoi ghníomhaíochtaí chun dramhaíl a chosc agus a d'fhéach le hacmhainní a úsáid go héifeachtach. Áirítear ansin aon tionscnaimh i gcomhar leis an údarás áitiúil nó eagraíochtaí eile chun na nithe seo a leanas a laghdú: dramhaíl, úsáid uisce, úsáid fuinnimh nó úsáid ábhair; cibé ag an bpobal, lucht tí, gnóthaí, scoileanna. D'fhéadfadh obair a dhéantar faoin bpríomhchatagóir 'Inmharthanacht - Mórán ar an mbeagán' a bheith ábhartha don ghradam speisialta seo.

Bronnfar duais €1,000 ar an mbuaiteoir agus tá dhá dhuais dara háit ann de €500.

Chun tuilleadh sonraí a fháil lena n-áirítear foirm iontrála téigh chuig www.tidytowns.ie nó localprevention.ie/tidytowns

Gradam Scoile

Duaischiste €5,000

Urraithe ag SuperValu

Tionscnamh de chuid SuperValu é Gradam na Scoileanna a spreagann scoileanna i ngach pobal a bheith páirteach lena gcuid coistí agus a gcuid a dhéanamh i dtreo pobal níos fearr.

I mblíana tá SuperValu ag cuardach Bunscoil nó Iarbunscoil a léireoidh gur chuir siad go suntasach le gníomhaíochtaí Bailte Slachtmhara ina gceantar féin, chun rannpháirtíocht níos mó ón óige a mhealladh i dtionscnaimh Bailte Slachtmhara.

Roghnófar grúpa ceannais as gach ceann de na ceithre réigiúin, agus gheobhaidh gach grúpa díobh siúd €1,000. Geobhaidh an buaiteoir fhoriomlán €1,000 breise chomh maith.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach www.tidytowns.ie agus www.supervalu.ie

Gradam Speisialta do Dhúshlán Uirbeach Bhailte Slachtmhara RIAI

Duaischiste €5,000

Urraithe ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

Tá sé mar aidhm leis an ngradam seo tuiscint a leathnú maidir leis an tábhacht a bhaineann le planáil agus dearadh maith uirbeach don tsochaí, don chomhshaoil agus don gheilleagar. Is é an aidhm is mó atá leis teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla chun tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil i bhfoirm saeolas ailtireachta chun dul i ngleic le fadhbanna áitiúla sa timpeallacht thógtha. Tá iarratas ar an ngradam oscailte do chatagóirí atá sna catagóirí a bhaineann le Baile nó Baile Beag (1,001 - 5,000), agus Baile Mór nó Ionad Uirbeach (5,001 - 15,000).

Is ionann an duais agus coimisiún ailtireachta de luach €5,000. Beidh an t-ailtire a choimisiúnófar ag obair in éineacht leis an gcoiste Bailte Slachtmhara áitiúil chun anailís maidir le fadhbanna an bhaile agus creat le dul i ngleic leo a chur ar fáil. Iarrfar san aighneacht ar an iarratasóir na tréithe faoi leith a bhaineann leis an réimse poiblí áitiúil a aithint, mar aon leis na fadhbanna áirithe a bhféadfadh ailtire cúnaimh a thabhairt ina leith.

Chun tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.riai.ie nó www.tidytowns.ie

An Gradam Uiscí agus Pobail

Duaischiste €7,000

Urraithe ag Iascach Intíre Éireann, Uiscebhealaí Éireann agus ag Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil

Féachann an Gradam Speisialta Pobail agus Uiscí 2019 le grúpaí pobail a spreagadh le bheith níos gníomhaí lena gcuid comhlachtaí uisce áitiúil trí chuidiú lena n-oidhreacht uisce nádúrtha a chaomhnú, a chur chun cinn agus a úsáid go hiomlán. Tá an gradam seo oscailte d'aon ghrúpa pobail a léirigh meas ar a dtimpeallacht uisce agus dá n-oidhreacht uisce trí shampla a léiriú de thionscnaimh ar tugadh fúthu idir Meitheamh 2018 agus Bealtaine 2019 (áirítear ar shamplaí: tacaíocht do bhitheagsúlacht agus oidhreacht; slatiascaireacht a chur chun cinn; feasacht a ardú; glantacháin; saoráidí a chur ar fáil nó a uasghrádú; srl).

Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar www.tidytowns.ie agus www.watersandcommunities.ie

An Plean Pailneora Uile Éireann: Gradam Pailneora an Údaráis Áitiúil 2019

Duaischiste: €9,000

Urraithe ag na hOifigí Oidhreachta agus Oifigí Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil ar fud na hÉireann i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Sonraí Bithéagsúlachta.

Féachann Gradam Pailneora an Údaráis Áitiúil le grúpaí Bailte Slachtmhara a spreagadh chun gníomhartha atá báilí do phailniú a chur i bhfeidhm ar fud bailte agus sráidbhailte mar chuid

den chomórtas Bailte Slachtmhara. Tá beacha na hÉireann, ríthábhachtach do phailniú ár bplandaí, ár gcraoinn agus ár nglasraí ach tá na beacha ag dul i léig. An chúis atá leis sin ná go bhfuil laghdú tubaisteach déanta ar na limistéir ar féidir le beacha a nead a dhéanamh agus ar an mbia a chuirtear ar fáil dóibh faoin tír. Is é aidhm an ghradaim ná athrú a chur air sin trí ghrúpaí Bailte Slachtmhara a spreagadh bearta simplí a ghlacadh mar bhláthanna fiáine a fhágáil ag fás ar thaobh bóithre agus colbhaí páirceanna, rud a laghdaíonn an úsáid a bhaintear as lotnaidicídí agus/nó úsáid a bhaint as plandaí i bpáirceanna agus gairdíní atá níos fabhraí do phailniú. Tacaíonn an gradam leis an bPlean Pailneora Uile Éireann 2015-2020 agus tá sé urraithe agus comhordaithe ag Oifigí Oidhreacht & Oifigí Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil ar fud na hÉireann, i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Sonraí Bithéagsúlachta.

Tá dhá chatagóir gradaim ann:

- Sráidbhaile nó Baile Beag
- Baile Mór nó Ionad Uirbeach

Bronnfar duais €1,000 ar cheithre bhuaiteoir Réigiúnach sa dá chatagóir. De na hocht mbuaiteoir réigiúnacha sin, bronnfar €1,000 breise ar an mbuaiteoir náisiúnta foriomlán. Bronnfar gradam i ngach catagóir, faoi réir ag caighdeáin shásúla a bhaint amach.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar www.tidytowns.ie nó www.pollinators.ie

Can It! 2019 - Comhaireann gach Canna

Duaischiste €1,500

Urraithe ag Alupro Ireland

Féachann Comhaireann Gach Canna le hathchúrsáil ar channaí dí a dhéanamh níos éasca agus difear a dhéanamh. Féachtar leis an gcomhpháirtíocht idir lucht déantúsaíochta cannaí dí agus an tionscal athchúrsála tusa a spreagadh níos mó ábhair a athchúrsáil bíodh sin ag an obair, sa choláiste, ag féile nó fiú agus tú ag imeacht leat amuigh. Tá Comórtas Can It! 2019 ag iarraidh ar ghrúpaí Bailte Slachtmhara cur leis an líon pointí athchúrsála do channaí dí atá ar fud an bhaile. Déanfar moltóireacht ar na hiontrálaithe bunaithe ar líon na bpointí athchúrsála cannaí agus éagsúlacht na suíomhanna.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach www.tidytowns.ie nó www.everycancounts.ie

An Gradam Oidhreacht - An Chomhairle Oidhreacht

Duaischiste €1,000

Urraithe ag an gComhairle Oidhreacht

Féachtar leis an nGradam Oidhreacht, atá urraithe ag an gComhairle Oidhreacht, feacht níos mó ar an luach a bhaineann leis an oidhreacht maidir le comhtháthú sóisialta, folláine agus forbairt eacnamaíoch inmharthana a chur chun cinn.

Is mó na foirgnimh, séadchomharthaí agus ábhar músaeim atá i gceist le hoidhreacht a tháinig anuas ó ghlún go glún ach tírdheacha saintréitheacha, fiadhúlra agus coillearnacha dúchasacha, muirdheacha, geolaíocht, garraithe agus páirceanna oidhreacht, uiscebhealaí intíre, béaloideas agus ceirdeanna. Féachann an Chomhairle Oidhreacht le haitheantas a thabhairt do na daoine a oibríonn ag an leibhéal áitiúil chun leasa gné ar leith den oidhreacht

agus chun an luach a bhaineann léi a chur chun cinn i measc lucht spéise níos leithne.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach www.TidyTowns.ie nó www.heritagecouncil.ie

Gradam Thionscadal na gCrann Comhairle Crann na hÉireann

Duaischiste €1,000

Urraithe ag Comhairle Crann na Éireann

Tugann Gradam Thionscnamh na gCrann aitheantas don tionchar ollmhór a bhíonn ag crainn atá sa suíomh ceart i mbaile nó sráidbhaile agus an tábhacht atá leis an gcrann ceart a bheith san áit cheart. Tá sé tábhachtach go smaoineofaí go cúramach, ní hamháin ar an gcur, ach freisin ar bhainistiú na gcrann le linn a saolré.

Bronntar an gradam ar an gCoiste Bailte Slachtmhara a léireoidh na caighdeáin is airde i dtaobh suíomh na gcrann agus cothabháil crann.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach www.TidyTowns.ie nó www.treecouncil.ie

Comórtas an Tascfhórsa ar Bhruscar Guma Coganta (GLT)

Duaischiste €5,000

Urraithe ag an Tascfhórsa ar Bhruscar Guma Coganta (GLT)

Is mian leis an GLT luach saothair a thabhairt do phobail atá ag cur tionscnaimh feasachta comhshaoil i bhfeidhm le deireadh a chur le bruscar guma coganta ina gceantar.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar www.tidytowns.ie nó www.gumlittertaskforce.ie/tidy-towns-awards



Chomh maith leis na Gradaim Speisialta atá luaite thuas, d'fhéadfadh sé go bhfuil gradaim eile ann a mbeadh suim agat iontu. Téigh chuig www.TidyTowns.ie chun tuilleadh eolais a fháil agus chun an bealach le hiarratas a dhéanamh a fháil amach.



Eolas faoi do Bhaile!

Ainm an Bhaile / an Cheantair / an tSráidbhaile / an Oileáin

Ainm an Bhaile / an Cheantair / an tSráidbhaile / an Oileáin i nGaeilge

Contae

Roghnaigh do Réigiún* Lár Tíre & an tOirthear, An tIarthuaisceart & an tIarthar,
An tIardheisceart & an tIarthar Láir, An tOirdheisceart

Sonraigh d'Údarás Áitiúil

An Bhliain Dheireanach a nDearnadh Iarratas

Ainm na hEagraíochta

Ainm Teagmhála

Seoladh

Suíomh Measta

D'fhéadfadh nach raibh do mholtóir i do cheantar cheana agus mar sin tabhair cuntas gearr ar an áit ina bhfuil do bhaile nó sráidbhaile sa chontae, e.g. Xcm ó thuaidh/ó dheas srl. den bhaile mór is gaire, nó tabhair uimhir an bhóthair ar a bhfuil do bhaile lonnaithe. Tá sé ríthábhachtach go mbeifí an-soiléir.

Fón

Ríomhphost

Seoladh idirlín nó Meán Sóisialta

*Féach liosta na gcontaetha de réir Réigiúin ag uimh.
15 de na Téarmaí agus Coinníollacha atá leis seo.

Catagóir Daonra

Cuir tic i do chatagóir daonra agus cuir isteach an daonra iarbhair (bunaithe ar an Daonáireamh is déanaí). Mura bhfuil tú cinnte, seiceáil é le do thoil leis an bPríomh-Oifig Staidrimh www.cso.ie nó le d'Údarás Áitiúil. D'fhéadfadh do mholtóir a sheiceáil an bhfuil an catagóir cheart roghnaithe agat.

Cuir an daonra iarbhair isteach anseo e.g. 19,999

Daonra na Catagóire Duaise

Sráidbhaile	A (Faoi 200)	B (idir 201 agus 1,000)
Baile Beag	C (idir 1,001 agus 2,500)	D (idir 2,501 agus 5,000)
Baile Mór	E (idir 5,001 agus 10,000)	F (idir 10,001 agus 15,000)
Lárionad Uirbeach Mór	G (idir 15,001 agus 25,000)	H (idir 25,001 agus thairis)

DEARBHÚ

Trí m'ainm a shíniú thíos, tuigim agus aontaím le téarmaí agus coinníollacha Bhailte Slachtmhara SuperValu agus aontaím na sonraí pearsanta atá sa bhfoirm seo a scaoileadh le printéirí chun críocha cuirí, foirmeacha iontrála, leabhair torthaí nó aon cháipéisíocht eile a chur sa phost chun críocha Chomórtas Bailte Slachtmhara SuperValu agus tionscnaimh ábhartha eile a riar.

Toilím na sonraí sin a scaoileadh le Moltóirí Chomórtas na mBailte Slachtmhara mar chuid den Fhoirm Iarratais ar a mbeidh a gcuid moltóireachta bunaithe.

Tuigim go gcuirfear comhairle ar na printéirí a bheidh conraithe le dul i mbun na hoibre seo na sonraí ar fad a scríosadh nuair a bheidh an tasc sonraithe tugtha chun críche.

Tuigim go gcoinneoidh an Roinn na Sonraí Pearsanta a chuirtear ar fáil sa bhfoirm seo ar feadh tréimhse 3 bliana d'fhonn foirmeacha iarratais agus eolas a bhaineann go díreach leis an gcomórtas a dháileadh.

Tuigim go bhféadfaidh mé mo thoilú maidir leis an bhfaisnéis seo a stóráil nó a úsáid ar an mbealach sin a tharraingt siar ag am ar bith trí scríobh chuig Aonad na mBailte Slachtmhara ag rá go bhfuilim ag tarraingt siar mo thoilithe.

Sínithe (thar ceann an iontrálaí)

Dáta ____/____/2019

An Pobal - Pleanáil agus Rannpháirtíocht

60 Marc

Bronntar marcanna ar cháilíocht fhoriomlán na Foirme Iarratais, an léarscáil den bhaile/sráidbhaile agus oiriúnacht an ábhair tacaíochta a chuirtear ar aghaidh le d'iontráil. I measc príomhshaincheistean eile tá rannpháirtíocht phobail, gnóthaí, scoileanna agus daoine óga an cheantair i gcoitinne; comhpháirtíochtaí oibre le gníomhaireachtaí cathartha áitiúla, obair a ndeachthas ina bun agus tionscadail ábhartha a tugadh chun críche; Plean Bailte Slachtmhara a d'fhéadfaí a bhaint amach cothrom le dáta Déanfar ionchuimsiú sóisialta, cur chuige ón bpobal iomlán, ról na n-oibrithe deonacha agus áitritheoirí nua a bhreithniú sna gníomhaíochtaí.

Léirigh le do thoil:

Líon na ndaoine atá ar do Choiste: _____

Líon na ndaoine nach bhfuil ar an gcoiste ach a thairgeann cúnamh: _____

Léirigh le do thoil leibhéal an tiomantais deonaigh (líon na gcruinnithe Bailte Slachtmhara, cruinnithe pobail, rannpháirtíocht ghinearálta an phobail, áitritheoirí nua, etc.):

Tabhair liosta de na gníomhaireachtaí, comhlachtaí agus gnóthaí a thacaigh le do chuid gníomhaíochtaí le hurraíocht, acmhainní, maoiniú, comhairle, etc.

Conas mar a dhéanann tú cumarsáid leis an bpobal (nuachtlitir, nuachtáin, cruinnithe poiblí, ríomhphost, na meáin shóisialta agus láithreáin ghréasáin)?

Conas a dhéantar teagmháil leis na scoileanna agus clubanna óige áitiúla, etc.? Conas mar a mheallfadh tú an t-aos óg le bheith páirteach i do chuid oibre, an bhfuil Coiste Bailte Slachtmhara na nÓg agaibh? An bhfuil ionadaíocht á déanamh ar an aos óg ar an gcoiste?

Luaigh aon tionscadal faoi leith ina ndearnadh iarracht mhór ina leith ón 1 Meitheamh, 2018. (Is féidir obair chothabhála leanúnach nó tionscadal nua a bheith i gceist)

Cá mhéad bliain a bhfuil curtha isteach ar an gcomórtas ag do phobalsa? (Meastachán) Conas mar a bhain do phobal tairbhe as a bheith páirteach sa chomórtas?





Tabhair achoimre ar mar a fheiceann tú obair do ghrúpa ag cur le forbairt an phobail.

Sráid-Dreach & Áiteanna Poiblí

60 Marc

Foirgnimh: Déanfar machnamh ar chaomhnú agus ar chur i láthair foirgneamh oidhreacht agus caighdeán aghaidh na siopaí, ag glacadh san áireamh dearadh, inbhuanaitheacht, inrochtaineacht, inúsáidteacht agus oiriúnacht na struchtúr nua nó na bhfoirgneamh conláiste cathartha do gach duine, beag beann ar aois, méid, ábaltacht nó míchumas. Tabhair chun solais na hiarrachtaí a rinneadh chun dul i ngleic le láithreacha tréigthe agus le foirgnimh fholmha, fiú murar éirigh leis na hiarrachtaí.

Áiteanna Poiblí: Breithneofar; cearnóga, páirceanna, sráid-dreach, pábháil, tírdhreachú agus troscán sráide le haird ar inbhuanaitheacht agus inrochtaineacht do chách. An bhail atá ar shoilsiú sráide, soilsiú ar aghaidh foirgnimh, comharthaíocht deartha go cuí agus aimsiú bealaigh a bhaineann le sráideanna agus le hainmchláir áiteanna. Leagfar béim ar chur i láthair na láithreacha páirceála, conairí stairiúla, siúlbealaí agus pointí inrochtana chuig conláistí nó áiseanna áitiúla agus úsáid ghinearálta na Gaeilge.

Tagair do Nóta 3 ar Leathanach 1 agus tabhair le fios má rinne tú iarratas ar Ghradam Speisialta atá ábhartha don chatagóir seo.

Liostaigh na tionscadail ar tugadh fúthu ón 1 Meitheamh 2018 lena n-áirítear tionscadail nua (N) a tugadh chun críche i mbliana, tionscadail roimhe seo atá feabhsaithe nó coinnithe (M) agus tionscadail atá beartaithe a fhorbairt amach anseo (FP). Bheadh sé cabhrach dá bhféadfá uimhir a chur leis an gcur cíos ar thionscadail agus an dáta ar tosaíodh agus ar críochnaíodh an tionscadal a thabhairt, nuair is infheidhme. **Nóta: Cinntigh go bhfuil tagairt ar leith do gach tionscadal tosaíochta ar do léarscáil agus ar d'eochair eolais ag úsáid na n-uimhreacha tagartha atá leagtha amach thíos.**

Ba chóir do phobail na nithe seo a leanas a léiriú: Pleanáil, dearadh agus bainistiú spásanna glasa. Crainn oiriúnacha a roghnú agus a chur in áiteanna oiriúnacha, cothabháil leanúnach, prúnáil mhúnlaitheach, uisce agus aird ar stacáin agus snaidhmeáin. Cur i láthair an tírdhreachaithe ag gach bealach isteach chuig do bhaile/sráidbhaile, do cheantar i gcomhar le d’údarás áitiúil, nuair is cuí. Tá sé tábhachtach úsáid oiriúnach a bhaint as plandaí mar fhálta agus as toir a bheidh faoi bhláth i gcaitheamh na bliana mar atá scéimeanna plandaí ceapaí séasúracha in áiteanna tábhachtacha ar mian leat aird a tharraingt orthu. Tá coimeádáin plandaí in ann a bheith éifeachtach in áiteanna nach féidir plandaí a chur go díreach sa talamh. Chun obair chothabhála a laghdú cuir srian le húsáid coimeádán. Chun an tionchar atá ag obair thírdhreachaithe ar feadh na bliana i do phobal a léiriú, iarrtar ort grianghraif a bhfuil dáta orthu a chur ar fáil. Scéimeanna lus an chromchinn nach mbíonn le feiceáil sa samhradh mar shampla.

Tagair do Nóta 3 ar Leathanach 1 agus tabhair le fios má rinne tú iarratas ar Ghradam Speisialta atá ábhartha don chatagóir seo.

Liostaigh na tionscadail ar tugadh fúthu ón 1 Meitheamh 2018 lena n-áirítear tionscadail nua (N) a tugadh chun críche i mbliana, tionscadail roimhe seo atá feabhsaithe nó coinnithe (M) agus tionscadail atá beartaithe a fhorbairt amach anseo (FP). Bheadh sé cabhrach dá bhféadfá uimhir a chur leis an gcur cíos ar thionscadail agus an dáta ar tosaíodh agus ar críochnaíodh an tionscadal a thabhairt, nuair is infheidhme. **Nóta: Cinntigh go bhfuil tagairt ar leith do gach tionscadal tosaíochta ar do léarscáil agus ar d’eochair eolais ag úsáid na n-uimhreacha tagartha atá leagtha amach thíos.**



An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht i do cheantar

50 Marc

Léirigh an tuiscint agus an fheasacht atá agat ar an dúlra agus ar bhithéagsúlacht i do cheantar. D'fhéadfadh limistéir chosanta agus/nó limistéir a bhfuil tábhacht chaomhnaithe leo a bheith i gceist. Uiscebhealaí, teorainneacha páirceanna, gnéithe le cósta srl mar shampla

Léirigh tuiscint ar an mbealach is fearr ar cheart speicis agus gnáthóga san áit a bhainistiú agus a chosaint. Tá sé inmhianta go gcuirfí fianaise ar fáil de chomhoibriú le sainghrúpaí agus leis na húdaráis chuí i dtaobh obair a dhéanamh i gceantair íogaire.

Tagair do Nóta 3 ar Leathanach 1 agus tabhair le fios má rinne tú iarratas ar Ghradam Speisialta atá ábhartha don chatagóir seo.

Liostaigh na tionscadail ar tugadh fúthu ón 1 Meitheamh 2018 lena n-áirítear tionscadail nua (N) a tugadh chun críche i mbliana, tionscadail roimhe seo atá feabhsaithe nó coinnithe (M) agus tionscadail atá beartaithe a fhorbairt amach anseo (FP). Bheadh sé cabhrach dá bhféadfá uimhir a chur leis an gcur cíós ar thionscadail agus an dáta ar tosaíodh agus ar críochnaíodh an tionscadal a thabhairt, nuair is infheidhme. **Nóta: Cinntigh go bhfuil tagairt ar leith do gach tionscadal tosaíochta ar do léarscáil agus ar d'eochair eolais ag úsáid na n-uimhreacha tagartha atá leagtha amach thíos.**

Déan cur síos ar mar a chuidíonn do chuid gníomhaíochtaí chun d'ionad a dhéanamh níos inmharthanaí agus mar a laghdaítear an tionchar ar an timpeallacht. Smaoinigh, mar shampla, ar mar a úsáideann tú do chuid acmhainní (na modhanna nó na hábhair a úsáideann tú mar shampla), san obair tionscadail faoi cheann nó níos mó de na príomhthéamaí seo a leanas: inmharthanacht, uisce, iompar, dramhaíl, fuinneamh agus athrú aeráide. Déan cur síos ar ghníomhaíochtaí ardú feasachta ar tugadh fúthu ar fud an phobail agus sonraigh aon bhaint a bhí ann le Grúpaí Pobail eile sa chatagóir seo.

Tagair do Nóta 3 ar Leathanach 1 agus tabhair le fios má rinne tú iarratas ar Ghradam Speisialta atá ábhartha don chatagóir seo.

Liostaigh na tionscadail ar tugadh fúthu ón 1 Meitheamh 2018 lena n-áirítear tionscadail nua (N) a tugadh chun críche i mbliana, tionscadail roimhe seo atá feabhsaithe nó coinnithe (M) agus tionscadail atá beartaithe a fhorbairt amach anseo (FP). Bheadh sé cabhrach dá bhféadfá uimhir a chur leis an gcur síos ar tionscadail agus an dáta ar tosaíodh agus ar críochnaíodh an tionscadal a thabhairt, nuair is infheidhme. **Nóta: Cinntigh go bhfuil tagairt ar leith do gach tionscadal tosaíochta ar do léarscáil agus ar d'eochair eolais ag úsáid na n-uimhreacha tagartha atá leagtha amach thíos.**



Slacht agus Smacht ar Bhruscar

90 Marc

Slacht: Gan nithe a bheith caite thart, gan cosáin a bheith dúnta, cuailí a bheith gan úsáid, cáblaí lasnairde gránna, gan graifítí ná fógráin a bheith crochta agus fianaise go ndearnadh smachtú ar fhiall ar thaobhanna an bhóthair. Gan fógraíocht mhóiriúnach nó ghránna a bheith le feiceáil, mar fhógraíocht ar bheanna foirgneamh ná meirgí olltáirgthe ar aghaidheanna siopaí. Tabhair ar aird cé go ndéantar measúnú ar shlacht go ginearálta agus go dtugtar marc dó faoin gcatagóir seo, glactar slacht san áireamh freisin faoi chatagóirí eile lena n-áirítear Sráid-dreach agus Áiteanna Poiblí, Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí.

Bruscar: Déanfaidh an moltóir measúnú ar a laghad bruscair agus dumpála atá thart, fianaise go bhfuil straitéis smachtaithe bruscair i bhfeidhm, lena n-áirítear patróil rialta bruscair, bruscair a bhailítear le linn feachtais ghlanta a bheith á scagadh agus feacht frithbhruscair a bheith á chur chun cinn ar fud an phobail.

Tagair do Nóta 3 ar Leathanach 1 agus tabhair le fios má rinne tú iarratas ar Ghradam Speisialta atá ábhartha don chatagóir seo.

Liostaigh na tionscadail ar tugadh fúthu ón 1 Meitheamh 2018 lena n-áirítear tionscadail nua (N) a tugadh chun críche i mbliana, tionscadail roimhe seo atá feabhsaithe nó coinnithe (M) agus tionscadail atá beartaithe a fhorbairt amach anseo (FP). Bheadh sé cabhrach dá bhféadfá uimhir a chur leis an gcur cíos ar thionscadail agus an dáta ar tosaíodh agus ar críochnaíodh an tionscadal a thabhairt, nuair is infheidhme. **Nóta: Cinntigh go bhfuil tagairt ar leith do gach tionscadal tosaíochta ar do léarscáil agus ar d'eochair eolais ag úsáid na n-uimhreacha tagartha atá leagtha amach thíos.**

Is coda tábhachtacha de bhailte agus de shráidbhailte iad Sráideanna a bhfuil cónaí orthu agus a bhfuil Tithe Cathrach orthu agus ba chóir caitheamh leo ar an mbealach céanna le forbairtí tithíochta príobháideacha agus poiblí. Ba chóir smaoineamh ar an gcur i láthair agus cothabháil chuí ar gach maoin agus aird mar is cóir a thabhairt ar chothabháil a dhéanamh ar aghaidheanna na bhfoirgneamh agus ballaí teorann agus beanna. Ba chóir an cur i láthair ar ghairdíní, más infheidhme, a bheith ar chaighdeán ard. I gcás forbairtí tithíochta, ba chóir na háiteanna glasa iontu a bhearradh go rialta. Ba chóir áiteanna súgartha leanaí a bhreithniú agus an trealamh a choinneáil ar an gcaighdeán is airde. Nuair is féidir ba chóir comharthaí oiriúnacha d'ainm eastáit a bheith ar eastáit aonair - comharthaí cloiche, plaiceanna, cuailí eolais, srl. Go dátheangach is fearr. Ní hionann eastáit gan críochnú a bheith sa cheantar agus drochléiriú a thabhairt ar iarrachtaí an phobail ach ba chóir samplaí a thabhairt den bhealach a bhfuil an pobal ag dul i ngleic leis an bhfadhb seo.

Tagair do Nóta 3 ar Leathanach 1 agus tabhair le fios má rinne tú iarratas ar Ghradam Speisialta atá ábhartha don chatagóir seo.

Liostaigh na tionscadail ar tugadh fúthu ón 1 Meitheamh 2018 lena n-áirítear tionscadail nua (N) a tugadh chun críche i mbliana, tionscadail roimhe seo atá feabhsaithe nó coinnithe (M) agus tionscadail atá beartaithe a fhorbairt amach anseo (FP). Bheadh sé cabhrach dá bhféadfá uimhir a chur leis an gcur cíos ar thionscadail agus an dáta ar tosaíodh agus ar críochnaíodh an tionscadal a thabhairt, nuair is infheidhme. **Nóta: Cinntigh go bhfuil tagairt ar leith do gach tionscadal tosaíochta ar do léarscáil agus ar d'eochair eolais ag úsáid na n-uimhreacha tagartha atá leagtha amach thíos.**



Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí

50 Marc

Cur i láthair oiriúnach ar bhóithre isteach, ina measc colbhaí na mbóthar agus mar a chaitear leis an teorainn. Mar a bhreathnaíonn sráideanna baile agus sráidbhailte, nascbhóithre, lánaí, droichid agus rotharbhealaí. Soláthar do rochtain eisiach agus naisc do choisithe.

Tagair do Nóta 3 ar Leathanach 1 agus tabhair le fios má rinne tú iarratas ar Ghradam Speisialta atá ábhartha don chatagóir seo.

Liostaigh na tionscadail ar tugadh fúthu ón 1 Meitheamh 2018 lena n-áirítear tionscadail nua (N) a tugadh chun críche i mbliana, tionscadail roimhe seo atá feabhsaithe nó coinnithe (M) agus tionscadail atá beartaithe a fhorbairt amach anseo (FP). Bheadh sé cabhrach dá bhféadfá uimhir a chur leis an gcur cíós ar thionscadail agus an dáta ar tosaíodh agus ar críochnaíodh an tionscadal a thabhairt, nuair is infheidhme. **Nóta: Cinntigh go bhfuil tagairt ar leith do gach tionscadal tosaíochta ar do léarscáil agus ar d'eochair eolais ag úsáid na n-uimhreacha tagartha atá leagtha amach thíos.**

Do bhaile nó sráidbhaile a chur ar léarscáil

Tarraing léarscáil de do bhaile/sráidbhaile/ceantar nó cuir leagan sceitseáilte nó priontáilte ar aghaidh ar a mbeidh logainmneacha agus sráidainmneacha agus séadchomharthaí aitheanta. Ba chóir na suíomhanna a mbeifear ag tabhairt faoi obair nua i mblíana a mharcáil freisin. Cinntigh go bhfuil gach tionscadal marcáilte go soiléir ar an eochair eolais.

Féach an chomhairle a thugtar i Nóta 5 maidir leis 'An tSlí le d'Fhoirm Iarratais do Chomórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2019 a chomhlánú' ag tús an leabhráin seo.

Tabhair an chomhairle seo a leanas ar aird;

- Tá glacadh gan amhras le léarscáil ó lámh mura bhfuil teacht ar léarscáil fhoirmeálta priontáilte nó mura bhfuil a leithéid oiriúnach.
- Ba chóir don léarscáil a bheith inláimhsithe agus de mhéid A4 nó A3 ag brath ar leagan amach do bhaile nó do shráidbhaile.
- Bíodh sráideanna/bóithre tosaíochta ainmnithe de réir mar is gá agus bíodh príomhfhoirgnimh phoiblí agus séadchomharthaí marcáilte.
- Níl sé molta léarscáil Google a úsáid.
- D'fhéadfadh gur mó úsáide a bheadh in Léarscáil 'Áite' Uirbeach (nó Tuaithe mar is infheidhme) de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann.
- Tá eochair eolais soiléir riachtanach; cinntigh le do thoil go gcuirtear sraith uimhrithe ar leith i bhfeidhm.

[illegible]



Do Sheicliosta don Fhoirm Iarratais do Chomórtas Bailte Slachtmhara

- ☐ Cinntigh go bhfuil an fhoirm iarratais sa chuid 'Eolas Faoi do Bhaile' sínithe agat agus dáta curtha léi agus go bhfuil gach catagóir comhlánaithe agat.
- ☐ Má tá tú chun d'iarratas a sheoladh ar an bpost, níl aon ghá duit é a chlárú ach mholfadh muid duit cruthúnas ar phostáil a fháil agus cóipeanna a choinneáil de gach ábhar sa chás go dtarlódh sé go rachadh sé amú.
- ☐ Má tá chun d'iarratas a sheoladh ar ríomhphost, déan cinnte gur chuig **tidytowns@drdcd.gov.ie** a sheoltar é. Ní mór an t-iarratas ar fad a bheith i ríomhphost amháin agus **gan é a bheith níos mó ná 20MB**. Cuirfear scéala ar ais chuig gach duine a chuireann an t-iarratas chugainn ar ríomhphost ach tabhair 10 lá dúinn i ndiaidh an dáta deiridh chun sin a dhéanamh.
- ☐ Má táthar chun grianghraif a chur chugainn ar an bpost nó ar ríomhphost, mholfadh muid duit iad a chóipeáil isteach i gcáipéis WORD. Laghdóidh sin an méid a bhainfeadh le hiarratais ríomhphoist agus an meáchan a bhainfeadh le hiarratais poist. Beifear ábalta 4 nó 6 ghrianghraf a chur ar gach leathanach.
- ☐ Uaireanta, is fearr gan an iomarca eolais a chur ar aghaidh. Tá teorainn ar an méid ama a bhíonn ag an Moltóir chun do chuid oibre a athbhreithniú le linn a chuairte agus mar sin ba chóir don ábhar a bheith soiléir agus gonta.
- ☐ Tabhair aird ar leith le do thoil ar an leathanach laistigh den leabhrán ar a bhfuil eolas úsáideach i ndáil le d'iarratas a chur ar aghaidh agus ar na Téarmaí agus Coinníollacha atá san áireamh i do phacáiste iontrála nó is féidir teacht orthu ar **www.tidytowns.ie**.
- ☐ Cinntigh go bhfuil mapa de do cheantar san áireamh agat. Tá fáilte romhat mapa ó lámh a chur ar aghaidh in éineacht le do chuid tograí ar fad do 2019 chomh fada is go bhfuil eochair eolais ag dul leis agus go bhfuil na séadchomharthaí mór le rá marcáilte air.
- ☐ Cinntigh go bhfuil do phlean bliantúil Bailte Slachtmhara 3/5 in éineacht le d'iarratas.
- ☐ Ná déan dearmad cur isteach ar na Gradaim Speisialta atá againn. Is féidir faisnéis a fháil ag tús na foirme seo.

Go n-éirí libh!

